teachtaniar.eu

TÁ LÁNCHOSC AR AN nDOICIMÉAD SEO GO DTÍ 8.00rn DÉARDAOIN AN 24Ú BEALTAINE

Rinneadh an cháipéis seo a choimisiúnú i gcomhthéacs na comhdhála ar an bpleanáil teanga a tionólfar ar an 25ú agus 26ú Bealtaine in Ostan Cois Fharraige, na Forbacha, Gaillimh agus atá á heagrú ag Teacht Aniar.

Tá tuilleadh eolais faoin gcomhdháil le fáil ar shuíomh idirlín na heagraíochta. .

Léiríonn an cháipéis titim suntasach ar an gcaiteachas chaipitiúil atá beartaithe don Ghaeltacht sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 a foilsíodh le déanaí i gcomparáid leis an gcaiteachas roimhe sin.

tá tuilleadh eolais faoin gcáipéis seo le fáil ón údar Seán Byrne ag **085 1515426**

nó ó

Breandán Mac Cormaic Cathaoirleach Theacht Aniar ag **087 244 45 93**

teachtaniar.eu

An Plean Forbartha Náisiúnta agus an Ghaeltacht 2018-2027

Réamhrá

Leagan an cháipéis seo amach figiúirí maidir le caiteachas reatha agus caipitiúil (ainmniúil agus coigeartaithe le haghaidh boilscithe) ó 2002 go 2017. Chomh maith leis sin, tugtar miondealú ar na figiúirí seo maidir le caiteachas reatha agus caipitiúil rialtais don Ghaeltacht agus na hOileáin, agus do na hEalaíona.

Fuarthas na figiúirí ainmniúla maidir le caiteachas rialtais ó thuarascálacha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Mheastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí ó 2003 go 2018 faoi ollmheastacháin de chaiteachas reatha agus caipitiúil a vótaladh.

Ní rabhthas in ann ollmheastacháin a fháil do 2000 nó 2001 mar nár tugadh ach glanmheastacháin sna tuarascálacha do na blianta sin.

Ós rud é nach raibh miondealú ar na figiúirí seo le fáil sna tuarascálacha sin, fuarthas na figiúirí don Ghaeltacht agus na hOileáin ó na hollmheastacháin a rinneadh den chaiteachas ar an nGaeilge, ar an nGaeltacht agus ar na hOileáin.

Fuarthas na figiúirí maidir le caiteachas an rialtais ar na hEalaíona ó ollmheastacháin iomlána a rinneadh den chaiteachas ar Chláir Fhorbhartha Ealaíona, ar Chlár Deontais Earnáil na n-Ealaíon, ar Thaighde, ar Fhaisnéis agus Cumarsáid, agus ar Riarachán.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nárbh fhéidir figiúirí maidir le caiteachas an rialtais ar an nGaeltacht agus na hOileáin a fháil do 2002 mar nach bhfuil tuarascáil na bliana sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Figiúirí maidir le caiteachas reatha agus caipitiúil (2002 – 2017)

Léiríonn Tábla 1 na figiúirí ainmniúla maidir leis an ollchaiteachas rialtais iomlán a vótaladh idir 2002 agus 2017 (chomh maith le miondealú a thabhairt ar chaiteachas an rialtais ar an nGaeltacht agus na hOileáin, agus ar na hEalaíona).

Léiríonn Tábla 2 céadtadan na hathraithe bliain ar bhliain sna figiúirí ó tábla 1.

Tábla 1: Ollchaiteachas Rialtais Iomlán a Vótáladh (ainmniúil) 2002-2017

	Caiteachas Rialtais Iomlán		Caiteachas Rialtais Iomlán (an Ghaeltacht agus na hOileáin)		Caiteachas Rialtais Iomlán (Na hEalaíona)	
	Reatha (€000s)	Caipitiúil (€000s)	Reatha (€000s)	Caipitiúil (€000s)	Reatha (€000s)	Caipitiúil (€000s)
2002	30,224,417	5,584,389	-	-	-	-
2003	33,013,455	5,356,650	20,019	44,712	42,101	2,000
2004	36,031,638	5,205,223	26,429	45,118	51,000	3,500
2005	39,284,504	5,658,265	29,776	44,897	62,645	3,588
2006	43,404,211	6,414,757	35,380	55,404	71,140	11,170
2007	48,798,376	8,143,354	37,354	60,879	77,000	6,000
2008	53,398,748	9,042,313	43,634	75,091	76,620	5,000
2009	55,730,655	7,334,624	40,189	55,491	72,350	1,000
2010	54,264,770	6,268,792	33,091	26,799	68,149	500
2011	52,870,356	4,626,295	38,129	12,378	64,963	200
2012	52,137,699	3,808,018	35,424	8,588	63,100	141
2013	51,182,784	3,396,731	33,519	8,441	60,504	98
2014	49,532,023	3,549,460	32,942	8,467	56,800	93
2015	51,082,079	3,833,403	33,346	9,717	58,800	93
2016	52,088,393	4,240,238	34,339	16,867	60,027	93
2017	54,304,857	4,644,517	35,646	10,967	65,057	93

Tábla 2: % Athraithe san Ollchaiteachas Rialtais a Vótáladh (ainmniúil) 2003-2017

	Caiteachas Rialtais Iomlán		Caiteachas Rialtais Iomlán (an Ghaeltacht agus na hOileáin)		Caiteachas Rialtais Iomlán (Na hEalaíona)	
	Reatha (%)	Caipitiúil (%)	Reatha (%)	Caipitiúil (%)	Reatha (%)	Caipitiúil (%)
2003	9.2	-4.1	-	-	-	-
2004	9.1	-2.8	32.0	0.9	21.1	75.0
2005	9.0	8.7	12.7	-0.5	22.8	2.5
2006	10.5	13.4	18.8	23.4	13.6	211.3
2007	12.4	26.9	5.6	9.9	8.2	-46.3
2008	9.4	11.0	16.8	23.3	-0.5	-16.7
2009	4.4	-18.9	-7.9	-26.1	-5.6	-80.0
2010	-2.6	-14.5	-17.7	-51.7	-5.8	-50.0
2011	-2.6	-26.2	15.2	-53.8	-4.7	-60.0
2012	-1.4	-17.7	-7.1	-30.6	-2.9	-29.5
2013	-1.8	-10.8	-5.4	-1.7	-4.1	-30.5
2014	-3.2	4.5	-1.7	0.3	-6.1	-5.1
2015	3.1	8.0	1.2	14.8	3.5	0.0
2016	2.0	10.6	3.0	73.6	2.1	0.0
2017	4.3	9.5	3.8	-35.0	8.4	0.0

Figiúirí coigeartaithe le haghaidh boilscithe

Ós rud é nach mbaineann an caiteachas poiblí le hearraí tomhaltóirí amháin, baintear úsáid as an ndíbhoilsceoir OTI (Olltáirgeacht Intíre) seachas an Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) chun coigeartú cruinn a dhéanamh le haghaidh boilscithe ar fhigiúirí caiteachas rialtais. (Is é an díbhoilsceoir OTI ná OTI ainmniúil /fíor-OTI*100). Go hiondúil, úsáidtear OTI chun coigeartú a dhéanamh le haghaidh boilscithe nuair atá ioncam náisiúnta agus caiteachas poiblí le tomhas.

Baineann an tuarascáil seo úsáid as figiúirí OTI ainmniúil agus figiúirí fíor-OTI ó Chuntaisí Náisiúnta na Príomh-Oifige Staidrimh le 2015 mar bhonnbhliain. Is ionann fíor-OTI agus tomhas ar aschur táirgeachta eacnamaíoch, coigeartaithe le haghaidh boilscithe. Dá bhrí sin, tá na figiúirí thíos coigeartaithe le haghaidh boilscithe bunaithe ar phraghasleibhéil 2015.

Léiríonn Tábla 3 na figiúirí don ollchaiteachas rialtais iomlán a vótáladh agus iad coigeartaithe le haghaidh boilscithe.

Léiríonn Tábla 4 céadtadan an athraithe bliain ar bhliain sna figiúirí ó tábla 3.

Tábla 3: Ollchaiteachas Rialtais Iomlán a Vótáladh (coigeartaithe le haghaidh boilscithe) 2002-2017 (Bonn=2015)

	Caiteachas Rialtais Iomlán		Caiteachas Rialtais Iomlán (an Ghaeltacht agus na hOileáin)		Caiteachas Rialtais Iomlán (Na hEalaíona)	
	Reatha (€000s)	Caipitiúil (€000s)	Reatha (€000s)	Caipitiúil (€000s)	Reatha (€000s)	Caipitiúil (€000s)
2002	33,872,815	6,258,482	-	-	-	-
2003	35,635,895	5,782,158	21,609	48,264	45,445	2,159
2004	38,679,210	5,587,698	28,371	48,433	54,747	3,757
2005	41,014,731	5,907,475	31,087	46,874	65,404	3,746
2006	43,990,719	6,501,438	35,858	56,153	72,101	11,321
2007	48,813,130	8,145,816	37,365	60,897	77,023	6,002
2008	53,893,931	9,126,165	44,039	75,787	77,331	5,046
2009	59,214,375	7,793,111	42,701	58,960	76,873	1,063
2010	59,576,037	6,882,362	36,330	29,422	74,819	549
2011	58,263,346	5,098,196	42,018	13,641	71,589	220
2012	56,291,523	4,111,404	38,246	9,272	68,127	152
2013	54,690,446	3,629,516	35,816	9,019	64,650	105
2014	53,137,963	3,807,861	35,340	9,083	60,935	100
2015	51,082,079	3,833,403	33,346	9,717	58,800	93
2016	52,077,565	4,239,357	34,332	16,863	60,015	93
2017	54,461,637	4,657,926	35,749	10,999	65,245	93

Tábla 4: % Athraithe san Ollchaiteachas Rialtais a Vótáladh (coigeartaithe le haghaidh boilscithe) 2003-2017 (Bonn 2015= 00)

	Caiteachas Rialtais Iomlán		Caiteachas Rialtais Iomlán (an Ghaeltacht agus na hOileáin)		Caiteachas Rialtais Iomlán (Na hEalaíona)	
	Reatha (%)	Caipitiúil (%)	Reatha (%)	Caipitiúil (%)	Reatha (%)	Caipitiúil (%)
2003	5.2	-7.6	-	-	-	-
2004	8.5	-3.4	31.3	0.4	20.5	74.0
2005	6.0	5.7	9.6	-3.2	19.5	-0.3
2006	7.3	10.1	15.3	19.8	10.2	202.2
2007	11.0	25.3	4.2	8.4	6.8	-47.0
2008	10.4	12.0	17.9	24.5	0.4	-15.9
2009	9.9	-14.6	-3.0	-22.2	-0.6	-78.9
2010	0.6	-11.7	-14.9	-50.1	-2.7	-48.3
2011	-2.2	-25.9	15.7	-53.6	-4.3	-59.8
2012	-3.4	-19.4	-9.0	-32.0	-4.8	-30.9
2013	-2.8	-11.7	-6.4	-2.7	-5.1	-31.2
2014	-2.8	4.9	-1.3	0.7	-5.7	-4.7
2015	-3.9	0.7	-5.6	7.0	-3.5	-6.8
2016	1.9	10.6	3.0	73.5	2.1	-0.0
2017	4.6	9.9	4.1	-34.8	8.7	0.3

Graifeanna

Léiríonn íomhánna 1 agus 2 thíos na figiúirí don ollchaiteachas rialtais iomlán a vótáladh idir 2002 agus 2017 (ainmniúil agus coigeartaithe le haghaidh boilscithe).

Iomhá 1. Ollchaiteachas Rialtais Iomlán a Vótáladh (ainmniúil) 2002-2017



Íomhá 2: Ollchaiteachas Rialtais Iomlán a Vótáladh (coigeartaithe le haghaidh boilscithe) 2002-2017 (Bonn=2015)



Léiríonn íomhánna 3 agus 4 thíos na figiúirí don ollchaiteachas rialtais iomlán ar an nGaeltacht idir 2003 agus 2017 (ainmniúil agus coigeartaithe le haghaidh boilscithe).

Iomhá 3. Ollchaiteachas Rialtais Iomlán ar an nGaeltacht a Vótáladh (ainmniúil) 2003-2017



Iomhá 4. Ollchaiteachas Rialtais Iomlán ar an nGaeltacht a Vótáladh (coigeartaithe le haghaidh boilscithe) 2003-2017 (Bonn=2015)



5. Ollchaiteachas Rialtais Iomlán ar na hEalaíona a Vótáladh (ainmniúil) 2003-2017



Íomhá 6: Ollchaiteachas Rialtais Iomlán ar na hEalaíona a Vótáladh (coigeartaithe le haghaidh boilscithe) 2003-2017 (Bonn=2015)



Miondealú

I rith na tréimhse 2003 go 2009 nuair a bhí an geilleagar ag fás go tréan, mhéadaigh caiteachas caipitiúil an rialtais ag ráta 10 faoin gcéad in aghaidh na bliana. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh caiteachas caipitiúil ar an nGaeltacht agus na hOileáin ag ráta 10 faoin gcéad in aghaidh na bliana freisin. Cuireadh go mór leis an mheánchaiteachas caipitiúil bliantúil ar an nGaeltacht agus na hOileáin nuair mhéadaigh an caiteachas caipitiúil i 2008 ó €60.8 milliún go €75.8 milliún. Má fhágtar as an áireamh an méadú seo de 25 faoin gcéad i mbliain amháin, ba é 6 faoin gcéad an meánmhéadú i gcaiteachas caipitiúil don tréimhse 2003 go 2009. (Tábla 3)

Ní mór an €178 milliún atá geallta mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta a chur i gcomhthéacs an chaiteachais chaipitiúil ar an nGaeltacht agus na hOileáin a rinneadh sna blianta roimh agus i ndiaidh bhorraidh eacnamaíochta na hÉireann. ***Idir 2005 agus 2009 b'ionann an caiteachas caipitiúil ar an nGaeltacht agus na hOileáin agus €299 milliún (Tábla 3). Is féidir an caiteachas seo thar ceithre bliana a chur i gcomparáid leis an €178 milliún atá geallta don deich mbliain ó 2018 go 2027.***

Laghdaíodh ollchaiteachas caipitiúil an rialtais go géar idir 2009 agus 2013 agus tharla an rud céanna don chaiteachas caipitiúil ar an nGaeltacht agus na hOileáin. Cé gurbh é an meánlaghdú bliaintúil in ollchaiteachas caipitiúil sa tréimhse 2009 go 2013 ná 16.6 faoin gcéad, ba é 33 faoin gcéad an meanlaghdú bliantúil don Ghaeltacht agus na hOileáin. Dá bhrí sin (agus ag fágáil an bhliain eisceachtúil 2008 as an áireamh), níor mhéadaigh caiteachas caipitiúil ar an nGaeltacht agus na hOileáin ach 6 faoin gcéad go bliantúil i rith bhlianta an bhorraidh eacnamaíochta 2003 go 2009, agus ***laghdaíodh caiteachas caipitiúil dhá oiread mheánchéadtadán an laghdaithe ar chaiteachas caipitiúil iomlán i rith bhlianta an chúlaithe eacnamaíochta.***

B'ionann an caiteachas iomlán ar an nGaeltacht agus na hOileáin sa tréimhse 2006 go 2017 agus €348.8 milliún d'ainneoin an laghdú géar ar chaiteachas idir 2009 agus 2016. Is ionann an €178 milliún san iomlán atá geallta sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus beagán níos mó ná leath den chaiteachas caipitiúil iomlán idir 2006 agus 2016. ***Sna trí bliana 2006 go 2008, ba é €192.8 milliún an caiteachas caipitiúil iomlán ar an nGaeltacht agus na hOileáin, rud atá ocht faoin gcéad níos airde ná an €178 san iomlán atá geallta don 9 mbliain ó 2018 go 2027.***

Is féidir go leor a fhoghlaim trí chomparáid a dhéanamh idir an caiteachas pleanáilte don Ghaeltacht agus na hOileáin sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus an caiteachas ar na hEalaíona.

Sa chéad dul síos sa tréimhse 2006 go 2016 bhí an caiteachas reatha bliantúil ar na hEalaíona níos mó gach bliain ná an caiteachas reatha ar an nGaeltacht agus na hOileáin, agus sna blianta inar laghdaíodh an caiteachas reatha b'ionann an meánlaghdú agus 4.2 faoin gcéad i gcomparáid le meanlaghdú de 7.8 faoin gcéad i gcaiteachas reatha ar an nGaeltacht agus na hOileáin i rith bhlianta an laghdaithe. (Tháinig laghdú níos géara fós ar chaiteachas caipitiúil ar na hEalaíona sa tréimhse 2006 go 2016 mar a léiríonn tábla 2).

Molann an Plean Forbartha Náisiúnta caiteachas caipitiúl iomlán de €1.188 billiún idir 2018 agus 2027. As an iomlán seo, caithfear €725 milliún, nó 60 faoin gcéad, ar Údaráis Náisiúnta Chultúrtha agus €285 milliún, nó 24 faoin gcéad, ar Oidhreacht, agus ***ní chaithfear ach €178***

milliún, nó 15 faoin gcéad, ar an nGaeltacht agus na hOileáin. Sa phlean forbartha náisiúnta a bhí ann roimhe seo, “Transforming Ireland”, do na blianta 2007 go 2013, cuireadh €2.1 billiún i leathtaobh do na hEalaíona, an Oidhreacht, an Ghaeltacht agus na hOileáin. ***Ón €2.1 billiún sin, cuireadh €475 milluin, nó 22 faoin gcéad i leataobh don Ghaeltacht.*** Cé nár baineadh amach na spriocanna caiteachais a leagadh síos do 2007-2013 de bharr an chúlaithe eacnamaíochta, is léir go raibh sé i gceist sa chéad phlean sciar níos mó den chaiteachas iomlán ar na na hEalaíona, an Oidhreacht, an Ghaeltacht agus na hOileáin a chur ar fáil don Ghaeltacht agus na hOileáin.

D’ainneoin gur fíor an rud a dúirt an tAire Joe McHugh agus é ag seoladh an phlean caiteachais do na hEalaíona, an Oidhreacht, an Ghaeltacht agus na hOileáin, go raibh “tráth na gciorraithe thart” más ag trácht ar an gcaiteachas a dhéanfar ó 2018 ar aghaidh a bhí sé, ní hionann é seo agus a rá go mbeidh aon fhíor-mhéadú sa chaiteachas atá pleanáilte má dhéantar comparáid leis an leibhéal caiteachais a bhí ann roimh 2008 agus, go deimhin, ní bheidh an leibhéal céanna caiteachais caipitiúil bliantúil ann faoi 2028 agus a bhí ann i 2008.

Seán Byrne

TUILLEADH EOLAIS: **Seán Byrne 085 1515426**

Breandán Mac Cormaic 087 244 45 93